2025/1847

17.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1847 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Meán Fómhair 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarraidh ón Danmhairg gan an ceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún maidir le seasmhacht rianta iarnróid i gcoinne ualaí atá curtha i bhfeidhm

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6199)

(Is é an téacs Danmhairgise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Meán Fómhair 2022, chuir an Danmhairg iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar neamhchur i bhfeidhm phointe 4.2.6. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún ([2]) maidir le cuid shonrach de rianta 2, 3 agus5 ag Stáisiún Slagelse, laistigh de thionscadal uasghrádaithe luais, go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2036 (an 'iarraidh'). Cuireadh an iarraidh sin isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797.

(2) Leagtar amach i bpointe 4.2.6. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 an ceanglas a bhaineann le seasmhacht riain i gcoinne ualaí atá curtha i bhfeidhm. Go háirithe, leagtar amach i bpointe 4.2.6.2.1. go ndearfar an rian chun fadfhórsaí atá coibhéiseach leis an bhfórsa a eascraíonn as coscánú 2,5 m/s^2 a sheasamh le haghaidh na bparaiméadar feidhmíochta arna roghnú i gcomhréir le pointe 4.2.1. den Rialachán sin.

(3) Baineann an iarraidh le forstruchtúr rianta speisialta ag a bhfuil airde tógála íseal a suiteáladh in 2020 i gcuid de rianta 2, 3, agus 5 os cionn thollán an ardáin ag Stáisiún Slagelse atá suite (TIB 1 km 92,95). Tá an forstruchtúr speisialta rianta ('Dtz') formheasta sa Danmhairg. Ní féidir comhlíonadh cheanglas phointe 4.2.6.2.1. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 a léiriú mar gheall ar shainiúlachtaí an fhorstruchtúir rianta speisialta.

(4) De réir na ndoiciméad a chuir an Danmhairg isteach is amhlaidh, dá gcomhlíonfaí pointe 4.2.6. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014, a bheadh costas breise EUR 18 go 21 mhilliún i gceist ós rud é, i gcás ina suiteálfaí forstruchtúir nua rianta a chomhlíonfadh na ceanglais i bpointe 4.2.6. gur ghá airde na nardán a mhéadú nó tollán nua a thógáil chun freastal ar airde struchtúrach an fhorstruchtúir rianta sin.

(5) Mar bheart malartach, molann an Danmhairg go leanfaidh sí de Dtz a úsáid, le linn na tréimhse go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2036, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla náisiúnta maidir leis na paraiméadair riain Banenorm BN166, Banenorm BN1662, Banenorm BN1386, Sporregler 1987 agus sonraíocht theicniúil uimh. 7795 Leagan 01.02.

(6) Ar bhonn an réasúnaithe lenar tugadh údar leis an iarraidh a chuir an Danmhairg ar fáil agus na bhforálacha malartacha atá beartaithe, is féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta i ndáil leis an gcuid shonrach de rianta 2, 3 agus 5 ag Stáisiún Slagelse, laistigh de thionscadal uasghrádaithe luais. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'bonneagair' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1299/oj).

(7) Is ceanglas fíorriachtanach í an tsábháilteacht, mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/797, atá le comhlíonadh ag córas iarnróid an Aontais, na fochórais agus na comhábhair idirinoibritheachta, lena náirítear comhéadain. Dá bhrí sin, ba cheart aon fhaisnéis a sholáthar don Choimisiún lena léirítear go bhféadfadh neamhchur i bhfeidhm phointe 4.2.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 sábháilteacht an chórais iarnróid a chur i mbaol.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An iarraidh ón Danmhairg ar neamhchur i bhfeidhm phointe 4.2.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 maidir leis an gcuid shonrach de rianta 2, 3 agus 5 ag Stáisiún Slagelse, laistigh de thionscadal uasghrádaithe luais, glactar léi ar choinníoll go gcuirfear an fhoráil mhalartach atá beartaithe ag an Danmhairg i bhfeidhm.

Cuirfidh an Danmhairg an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí i gcás ina mbeidh faisnéis aici go bhféadfadh an neamhchur i bhfeidhm dochar réasúnta a dhéanamh do shábháilteacht an chórais iarnróid.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2036.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún